

Tuairisc ar an Ról

Teideal an Phoist: Feidhmeannach Cuntas

Aonad Gnó: An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tuairiscíonn chuig: Feidhmeannach Sinsearach Cuntas

Fine Poist: Airgeadas

Sruth Gairme: Tacaíocht Ghnó

Crios Gairme: Riarachán

Cineál Conartha: Buan

***** Spriocdháta le haghaidh Iarratas an 26 Meitheamh 2024*****

Achoimre ar an nGnó

Soláthraíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) raon seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. I measc na seirbhísí sin tá iasachtaí a fháil thar ceann an Rialtais agus bainistiú an Fhiachais Náisiúnta, an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, NewERA, Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn agus an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta. Sannann GBCN baill foirne don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, do Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann agus soláthraíonn sé córais agus seirbhísí gnó agus tacaíochta dóibh.

Tá GBCN ainmnithe mar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus í ag feidhmiú na bhfeidhmeanna um bainistiú éileamh agus bainistiú riosca a tharmligtear di faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000.

Is iad príomhchuspóirí GÉS:

- cé go bhfeidhmíonn sí ar mhaithe le cáiniocóirí, gníomhú go cothrom agus go heiticiúil ina cuid déileálacha le daoine a d'fhulaing díobhálacha agus/nó damáiste agus a ghlacann caingne dlí i gcoinne an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus a dteaghlai; agus
- clár oibre riosca dírithe ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste réadmhaoine a chur i bhfeidhm chun riosca dlíthíochta a mhaolú, in údarais Stáit agus i bhfiontair chúraim sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú.

Cuimsítear le sainchúram GÉS díobháil phearsanta agus rioscaí damáiste do mhaoin trú páirtí agus éilimh a bhaineann le húdarais Stáit áirithe, lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an earnáil chúram sláinte dheonach, An Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Déanann sí bainistiú ar chostais trú páirtí a éiríonn as Binsí Fiosraithe áirithe freisin.

Tá buntáistí den scoth i gceist le hoibriú ag GBCN, ina measc:

- Roghanna solúbtha oibre
- Clár folláine fairsing
- Raon éagsúil tionscnamh: LGBT+, Cúrsaí Inscne, Feasacht ar an Míchumas, Foireann Feasachta Idirnáisiúnta agus Ilchultúir (IMAT), Cumann Spóirt agus Sóisialta, Oibriú go Deonach agus go leor eile
- Deiseanna foghlama agus forbartha den scoth lena gcumasaítear forbairt ghairme iomlán san eagraíocht
- Aisíocaíocht táillí comhaltais gairmiúla bliantúla
- Scéim sochar sainithe pinsin bunaithe ar mheántuilleamh le linn na gairmréime

Achoimre ar an Ról

Beidh an Feidhmeannach Cuntas mar chuid d'fhoireann cuntas GÉS agus cuideoidh sé/sí leis na dualgais a dhéantar chun tacú le feidhmiú éifeachtúil rannóg Cuntas GÉS. Beidh ar an té a cheapfar caidreamh a dhéanamh le hAirgeadas GBCN, baill foirne GÉS agus aonaid ghnó eile de réir mar is cuí.

Príomh-fhreagrachtaí

Beidh ar an bhFeidhmeannach Cuntas oibriú i gcomhar leis na rannáin eile sa GÉS.

D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh ar phríomh-fhreagrachtaí:

- A chinntiú go ndéanfar sonraisc agus iarratais ar íocaíocht sa GÉS a údarú agus a phróiseáil i gceart agus i gcomhréir le nósanna imeachta cáilíochta agus le beartais agus nósanna imeachta eile de chuid GÉS.
- Ríomhphost fhoireann Cuntas GÉS a bhainistiú, lena n-áirítear na híocaíochtaí a bhfuil gá leo a phróiseáil agus ceisteanna ó íocaithe agus ó pháirtithe leasmhara inmheánacha a fhreagairt nó a atreorú.
- Sonraisc agus aon riachtanas gaolmhar a iontráil sna córais ábhartha TF.
- Athbhreithniú seachtainiúil a dhéanamh ar na híocaíochtaí uile a fhaightear lena chinntiú go bhfuil beart déanta i leith gach ceann a fuarthas.
- Cuidiú le ceartúcháin idirbheartaíochta más gá.
- Cuidiú le hiniúchtaí a ullmhú nuair is gá agus freastal go pearsanta ar iniúchadh céim ar chéim nuair is gá.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le foirne éileamh GÉS agus le foirne airgeadais GBCN lena chinntiú go réiteofar fadhbanna go tapa.
- Cuidiú lenár nósanna imeachta cáilíochta a bhainistiú agus a chothabháil.
- Mionsonraí faoi idirbhirt a thairfeadh ar na córais ábhartha TF.
- Dualgais eile mar a shannfaidh an Riarthóir Sinsearach Cuntas iad.

Scileanna

- Sárscileanna cumarsáide agus bainistithe ama.
- Taithí ar oibriú le Microsoft agus le córais bhainistíochta doiciméad.
- Is buntáiste a bheadh i dtairthí ar oibriú le córais airgeadais.

Eolas agus Taithí

- Cáilíocht ábhartha cuntasóireachta nó gnó.
- Beidh roinnt taithí ag an iarrthóir a cheapfar ar oibriú i bhfeidhm chuntas.

Laghdú Pinsin

I gcás ina raibh duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ina bhfuil an duine ceaptha sin i dteideal pinsin nó ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó i gcás ina dtagann pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí chun bheith iníochta i rith athfhostú an duine ceaptha, beidh an pinsean sin faoi réir ag laghdú i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Tabhair do d'aire: Ach iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, aithníonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le laghdú, i gcás go mbeidh siad ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Rannóg/Oifig/Comhlacht fostaithe le tarscaoileadh i leith iarratas ar laghdú i ndáil le ceapacháin chuig an bpost seo.

Beidh ar iarratasóirí dearbhú réamh-fhostaíochta a chomhlánú chun a dheimhniú cibé ar bhain siad leas as scéim pinsin san earnáil phoiblí roimhe seo.